**Ceist i gcomhair freagra i scríbhinn E-000618/2021**
**ar an gCoimisiún**
Riail 138
**Annika Bruna** (ID), **Virginie Joron** (ID), **Elżbieta Kruk** (ECR), **Mick Wallace** (The Left), **Clare Daly** (The Left), **Vilija Blinkevičiūtė** (S&D), **Julie Lechanteux** (ID), **Aurelia Beigneux** (ID), **Dominique Bilde** (ID)

Ábhar: Níor cheart a mheas a thuilleadh gur tréimhse scíthe atá i gceist le ham iompair ainmhithe ar muir.

Bíonn an-chuid fulaingthe i gceist leis an muiriompar do bheostoc, go háirithe maidir le honnmhairiú ainmhithe lasmuigh den Aontas Eorpach. Cuirtear na hainmhithe i bpionnaí ró-ualaithe, áit nach mbíonn dóthain spáis acu agus a mbíonn siad thíos le rolladh, le heaspa aerála, le saoráidí uisce neamhleora agus le droch-choinníollacha sláinteachais toisc eascair neamhleor a bheith ann.

Is iad na dálaí iompair uafásacha sin, lena gcuirtear dianstrus ar ainmhithe, is cúis uaireanta lena mbás ar longa. Meastar le Rialachán (CE) Uimh. 1/2005 ón gComhairle an 22 Nollaig 2004 maidir le cosaint ainmhithe le linn iompair, áfach, gur tréimhse scíthe atá i gceist leis an am muiriompair.

1. An bhfuil an Coimisiún Eorpach ar an eolas faoi fhulaingt ainmhithe le linn muiriompair?

2. An bhfuil sé sásta a aithint nach féidir fíorthréimhse scíthe a thabhairt d’ainmhithe leis an muiriompar?

3. An bhfuil sé ar intinn aige muiriompar ainmhithe a thoirmeasc nó a shrianadh go mór i bhfianaise a dheacra atá sé, nó a dhodhéanta atá sé fiú, ligean d’ainmhithe a scíthe a ligean le linn muiriompair, ar féidir roinnt seachtainí a bheith i gceist leis?

**Cuiditheoirí**[1]

[1] Tá cuidiú tugtha ag Feisirí seachas na húdair don cheist seo: Harald Vilimsky (ID), Jean-Paul Garraud (ID)